Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission

# Togra le haghaidh Coimisiún Toghcháin a Chruthú

## Aighneacht ón gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

Márta 2019

# Coimisiún Toghcháin a Bhunú in Éirinn: Aighneacht ón gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

## I. Réamhrá

Tá an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí ina chomhlacht neamhspleách neamhchlaon a bhfuil de chúram air reachtaíocht a riar sna réimsí seo: eitic in oifigí poiblí, brústocaireacht a rialáil, maoiniú stáit, agus maoiniú feachtais. Áirítear le sainordú an Choimisiúin maoirseacht a dhéanamh ar an Acht Toghcháin, 1997, rud lena ndéileáiltear go príomha le maoiniú polaitíochta agus maoiniú feachtais.

Tá athrú ó bhun tagtha ar an tírdhreach toghcháin in Éirinn le blianta beaga anuas. Mar thoradh ar theacht chun cinn na teicneolaíochta digití agus ar thábhacht an Idirlín mar uirlis cumarsáide agus feachtais, tá athrú as éadan tagtha ar thoghcháin agus ar reifrinn. Maidir le bainistíocht toghcháin, lena n-áirítear an fhéidearthacht a bhaineann le clárú agus vótáil ar líne, bíonn sí ag forbairt freisin agus tá Éire ag féachaint ar dhlínsí eile chun dea-chleachtais agus deiseanna féideartha le haghaidh nua-aoisiú a shainaithint. Tá an chuma air freisin go mbíonn ag méadú ar an minicíocht a reáchtáiltear reifrinn, rud lena ngabhann obair ghaolmhar ar dhaoine den phobal a chur ar an eolas agus ar chlárú agus nochtadh tríú páirtithe a bhainistiú. Tá méadú tagtha ar an rannpháirtíocht i bpolaitíocht ón gcoigríoch freisin, áit a mbíonn síntiúis, cruinniú airgid agus caiteachas ar bun i dtíortha eile lena dtabhairt isteach in Éirinn agus laistigh den Stát.

Tá sé ag éirí níos soiléire don Choimisiún um Chaighdeáin go bhfuil na tosca sin agus tosca eile ag cruthú dúshlán don reachtaíocht toghcháin atá i bhfeidhm faoi láthair agus do na hinstitiúidí a riarann í. Is é tuairim an Choimisiúin um Chaighdeáin gur cheart coimisiún toghcháin tiomnaithe a bhunú chun na feidhmeanna éagsúla toghcháin agus reifrinn atá ar leithligh óna chéile a chomhcheangal. B'fhearr déanamh amhlaidh tar éis athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar na hAchtanna Toghcháin d'fhonn forálacha an Achta a nua-aoisiú agus a shoiléiriú.

Fáiltíonn an Coimisiún um Chaighdeáin roimh an deis a tugadh dó ionchur a chur ar fáil sa chomhairliúchán reatha ar choimisiún toghcháin a chruthú in Éirinn.

Chun críocha na haighneachta seo, díreoimid den chuid is mó ar ról an Choimisiúin um Chaighdeáin agus ar an eispéireas atá aige san Acht Toghcháin a riar.

Féachfar go sonrach ar na nithe seo a leanas san aighneacht:
- Ról agus feidhmeanna an Choimisiúin um Chaighdeáin;
- Eispéireas an Choimisiúin um Chaighdeáin san Acht Toghcháin a riar;
- Measúnú a dhéanamh ar na tograí le haghaidh coimisiún toghcháin nua; agus
- Moltaí a dhéanamh.

Ós rud é go gcuirfear de chúram ar aon choimisiún nua an tAcht Toghcháin a riar, pléifidh an Coimisiún um Chaighdeáin freisin an géarghá atá ann le hathchóiriú reachtach sa réimse sin.

Agus an aighneacht seo á dréachtú aige, thug an Coimisiún um Chaighdeáin aird ar na nithe seo a leanas:

- An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil, *Anailís Tionchair Rialála* (Nollaig 2018);
- An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, *Aighneacht chuig an gcomhairliúchán poiblí ar Fhógraíocht Pholaitiúil ar Líne a Rialáil in Éirinn* (Deireadh Fómhair 2018);
- An Tuarascáil ón nGrúpa Idir-rannach ar Shlándáil Phróiseas Toghcháin na hÉireann agus Bréagaisnéis (Meitheamh 2018);
- An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil, *Páipéar Comhairliúcháin maidir le Coimisiún Toghcháin a Bhunú in Éirinn* (Eanáir 2015);
- *An Tuarascáil ón gComhchoiste Oireachtais um Chomhshaol, Cultúr agus Gaeltacht ar an gcomhairliúchán maidir leis an gCoimisiún Toghcháin beartaithe* (Eanáir 2016);
- Tuarascálacha roimhe ón gCoimisiún, lena n-áirítear tuarascálacha bliantúla agus tuarascálacha speisialta, lena ndéileáiltear le saincheisteanna faoin Acht Toghcháin; agus
- Moltaí ábhartha agus dea-chleachtais ábhartha ar shainaithin eagraíochtaí iltaobhacha iad.

## II. An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí: Ról agus Feidhmeanna Reatha

Tá an Coimisiún um Chaighdeáin ann ina riocht reatha ó bhí an bhliain 2001 ann. Tá sé comhdhéanta de sheisear comhaltaí:

- an Cathaoirleach, nach mór dó/di a bheith ina (h)iarbhreitheamh nó ina b(h)reitheamh reatha de chuid na Cúirte Uachtaraí, na Cúirte Achomhairc nó na hArd-Chúirte;
- ceathrar comhaltaí de bhrí oifige, mar atá:
    - an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste,
    - an tOmbudsman,
    - Cléireach Dháil Éireann, agus
    - Cléireach Sheanad Éireann; agus
- iarchomhalta de Dháil Éireann nó de Sheanad Éireann, nach Feisire de Pharlaimint na hEorpa é/í.

Ceapann an tUachtarán an Cathaoirleach ar chomhairle a fháil ón Rialtas tar éis rúin a ritheadh sa dá Theach lena moltar an ceapachán. Ceapann an Rialtas an t-iarchomhalta den Oireachtas tar éis rúin a ritheadh sa dá Theach lena gceadaítear an ceapachán beartaithe.

Is é an Breitheamh Onórach Daniel O'Keeffe an cathaoirleach reatha.

Faigheann an Coimisiún um Chaighdeáin tacaíocht ina chuid oibre ó Rúnaíocht ghairmiúil, ar státseirbhísigh atá ceangailte le hOifig an Ombudsman iad na baill foirne di. Faoi láthair, is ann do 19 mball foirne ag leibhéil éagsúla atá sannta don Choimisiún.

### *a) Feidhmeanna agus cumhachtaí*

Déanann an Coimisiún um Chaighdeáin maoirseacht ar an reachtaíocht seo a leanas:

- An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001 (na hAchtanna um Eitic i dteannta a chéile), rud lena leagtar amach caighdeáin iompair d'oifigigh phoiblí, bíodh siad tofa nó ceaptha;
- An tAcht Toghcháin, 1997, rud lena rialáiltear maoiniú polaitíochta, lena n-áirítear síntiúis pholaitíochta agus speansais toghcháin;
- An tAcht um an Oireachtas (Oifigí Aireachta agus Parlaiminte) (Leasú) 2014, rud lena rialáiltear an dóigh a gcaitear na cistí poiblí a thugtar do pháirtithe polaitíochta agus do chomhlachtaí neamhspleácha; agus
- An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015, rud lena ndéantar ní trédhearcach den bhrústocaireacht a dhéantar ar oifigigh phoiblí.

Chun a oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh, déanann an Coimisiún na nithe seo a leanas: cuireann sé treoir agus comhairle ar fáil do gheallsealbhóirí; déanann sé maoirseacht ar chomhlíonadh, lena n-áirítear tuairisceáin reachtúla a fháil ó dhaoine aonair agus eagraíochtaí atá faoi réir na nAchtanna; coimeádann sé an Clár Brústocaireachta, an Clár de Thríú Páirtithe agus an Clár de Shíntiúsóirí Corparáideacha ar bun; próiseálann sé gearáin agus scrúdaíonn sé éagóracha féideartha faoi na hAchtanna (agus tá cumhachtaí difriúla aige faoi gach ceann de na hAchtanna); agus tugann sé faoi ghníomhaíochtaí for-rochtana chun a chinntiú go bhfuil tuiscint ag na daoine sin a bhfuil oibleagáidí orthu faoi na hAchtanna (lena n-áirítear comhaltaí den Oireachtas, iarrthóirí i dtoghcháin agus brústocairí) ar cheanglais an Achta agus go bhfuil siad in ann na ceanglais sin a chomhlíonadh.

## III. Eispéireas an Choimisiúin um Chaighdeáin san Acht Toghcháin a Riar

Leis an Acht Toghcháin, rialáiltear caiteachas toghcháin, aisíocaíocht speansas toghcháin, agus síntiúis pholaitíochta. Foráiltear leis freisin do chlárú tríú páirtithe agus síntiúsóirí corparáideacha.

Foilsíonn an Coimisiún treoir d'iarrthóirí, gníomhairí toghcháin, páirtithe polaitíochta, tríú páirtithe, síntiúsóirí agus síntiúsóirí corparáideacha. Chomh maith leis sin, tá sé de shainordú ag an gCoimisiún comhairle a thabhairt do dhaoine a bhfuil oibleagáidí orthu faoi na hAchtanna.

Maidir le gnéithe eile de rialachas toghcháin (lena n-áirítear bainistíocht toghcháin), déileáiltear leo tríd an reachtaíocht eile toghcháin atá á riar ag comhlachtaí eile, lena n-

áirítear údaráis áitiúla agus an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, agus tá siad lasmuigh de raon feidhme obair an Choimisiúin.

Ó uair a bhunaithe sa bhliain 2001, tá an Coimisiún ag riar an Achta Toghcháin, a leasaíodh roinnt uaireanta. Roimh an mbliain 2001, bhíodh an tAcht á riar ag an gCoimisiún um Oifigí Poiblí, réamhtheachtaí an Choimisiúin um Chaighdeáin.

## a) Forbhreathnú ar an reachtaíocht

Nochtadh

Ní mór d'iarrthóirí, ionadaithe tofa agus páirtithe polaitíochta faisnéis a nochtadh don Choimisiún um Chaighdeáin. Ceanglaítear leis an Acht go sonrach go nochtfaí ar bhonn bliantúil na síntiúis pholaitíochta arna bhfáil ag páirtithe polaitíochta, comhaltaí den dá Theach den Oireachtas agus Feisirí de Pharlaimint na hEorpa.

Ní mór d'iarrthóirí i dtoghcháin Dála, toghcháin Seanaid, toghcháin Pharlaimint na hEorpa agus toghcháin uachtaránachta síntiúis agus speansais toghcháin a nochtadh.

Foráiltear leis an Acht freisin do mhaoiniú a bheith á thabhairt ag an Stát do pháirtithe polaitíochta cáilithe. Ní mór do na páirtithe an dóigh ar chaith siad na liúntais sin a nochtadh don Choimisiún ar bhonn bliantúil.

Teorainneacha caiteachais

Socraítear teorainneacha caiteachais leis an Acht. Tá feidhm ag an aon teorainn amháin maidir leis na hiarrthóirí go léir i dtoghchán Uachtaránachta. Is féidir go mbeidh éagsúlacht ann, ag brath ar mhéid an toghcheantair, sna teorainneacha atá i bhfeidhm i dtoghchán Dála nó Eorpach. Féadfar speansais incháilithe a aisíoc leis an iarrthóir, suas go dtí suim incheadaithe uasta.

Síntiúis pholaitíochta

Tá teorainneacha ann le luach na síntiús a bhféadfaidh páirtithe polaitíochta, tríú páirtithe, iarrthóirí agus ionadaithe tofa glacadh leo agus a bhféadfaidh corparáidí iad a thabhairt. Leis an Acht, toirmisctear síntiúis ón gcoigríoch a thugann daoine nó eagraíochtaí ó áiteanna lasmuigh d'Éirinn, gan saoránaigh a áireamh. Ceanglaítear leis freisin go ndéanann daoine a fhaigheann síntiúis pholaitíochta cuntas speisialta síntiús polaitíochta a oscailt agus a chothabháil.

Clárú tríú páirtithe agus síntiúsóirí corparáideacha

Ní mór d'aon duine nó grúpa (seachas páirtí polaitíochta nó iarrthóir i dtoghchán) a ghlacann le síntiús polaitíochta ar mó a luach ná €100 clárú leis an gCoimisiún mar "thríú páirtí". Tá tríú páirtithe faoi réir oibleagáidí nochta agus teorainneacha síntiúis, faoi mar atá iarrthóirí i dtoghcháin agus páirtithe polaitíochta. Ní fhéadfaidh síntiúsóirí corparáideacha

síntiúis os cionn suim shocraithe a thabhairt mura gcláraíonn siad leis an gCoimisiún um Chaighdeáin.

<u>Cumhachtaí forfheidhmithe</u>
Is éagsúil ar fud na reachtaíochta a riarann sé atá cumhachtaí imscrúdaithe agus forfheidhmithe an Choimisiúin. Tá na cumhachtaí atá aige faoin Acht um Brústocaireacht a Rialáil ar na cumhachtaí is fadréimsí atá aige. Foráiltear leis an Acht do shraith cionta. Féadfaidh an Coimisiún sáruithe a imscrúdú, tá cumhachtaí cuardaigh agus urghabhála aige, féadfaidh sé pionóis íocaíochta seasta a ghearradh, agus féadfaidh sé cionta a ionchúiseamh faoin Acht.

Faoi na hAchtanna um Eitic, féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin imscrúdú a dhéanamh ar sháruithe féideartha ar na hAchtanna. Tá cumhachtaí aige chun finnéithe agus doiciméid a éileamh agus chun éisteachtaí a reáchtáil chun críocha fianaise a bhailiú. Sonraítear leis na hAchtanna um Eitic freisin go bhféadfaidh an Coimisiún na cumhachtaí imscrúdaithe atá aige faoi na hAchtanna um Eitic a úsáid chun imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin á rá gur sháraigh duine sonraithe faoi na hAchtanna um Eitic na hoibleagáidí atá air nó uirthi faoin Acht Toghcháin freisin. Mar thoradh ar imscrúdú, féadfaidh an Coimisiún fionnachtana a dhéanamh agus tuarascálacha a eisiúint, ar nithe iad a chuirfear ar fáil go poiblí. Níl aon chumhachtaí ionchúisimh nó fíneála ann. Is ann do chionta as bac an cheartais, mar shampla. Ní mór na cionta sin, nó fianaise ar aon chion faoi reachtaíocht eile, a tharchur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.

Faoin Acht Toghcháin, is srianta fós atá cumhachtaí an Choimisiúin um Chaighdeáin. Tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún a ordú go dtabharfaí ar aird aon doiciméad nó aon ní eile atá riachtanach chun maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an Achta. Chomh maith leis sin, féadfaidh sé aon fhianaise atá aige a úsáid chun teacht ar thuairim ar an gcomhlíonadh ag an duine agus ar cé acu a d’fhéadfadh nó nach bhféadfadh go ndearnadh cion. Níl aon chumhachtaí eile imscrúdaithe ag an gCoimisiún agus ní fhéadfaidh sé cinntí ceangailteacha a dhéanamh ar ghearáin a bhaineann le comhlíonadh ag daoine eile, lena n-áirítear tríú páirtithe agus síntiúsóirí corparáideacha. Má thagann an Coimisiún ar an tuairim go bhféadfadh go ndearnadh cion, féadfaidh sé an ní a tharchur chuig an nGarda Síochána/an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.

### *b) <u>Socruithe buiséadacha agus tuairiscithe</u>*

Táirgeann an Coimisiún um Chaighdeáin tuarascáil bhliantúil ar a chuid gníomhaíochtaí le linn dó an tAcht um Brústocaireacht a Rialáil a riar. Tugtar an tuarascáil i láthair go díreach sa dá Theach faoin 30 Meitheamh gach bliain.

Ar leithligh uaidh sin, táirgeann an Coimisiún tuarascáil bhliantúil ar a chuid gníomhaíochtaí le linn dó an reachtaíocht eile atá faoina shainchúram a riar. Ní mór an tuarascáil sin a chur ar fáil don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin 30 Meitheamh gach bliain lena

tabhairt i láthair i dTithe an Oireachtais. Is é an tAire a thugann an tuarascáil i láthair. Oibríonn an Coimisiún i gcomhar leis an Roinn chun críocha buiséid agus acmhainní freisin agus ní mór dó tuairisc a thabhairt don Roinn ar chaiteachas agus feidhmíocht.

Táirgeann an Coimisiún treoirlínte lena bhfoilsiú maidir le saincheisteanna éagsúla faoin Acht, lena n-áirítear treoirlínte maidir leis an gceanglas atá ar pháirtithe polaitíochta ráitis chuntas a nochtadh don Choimisiún. Ní mór na treoirlínte sin a bheith ceadaithe ag an Aire sula bhfoilsíonn an Coimisiún iad.

### *c)* *Na nithe a bhfuil ag éirí leo*

Sna blianta atá sé ag riar an Achta Toghcháin, chonaic an Coimisiún um Chaighdeáin roinnt láidreachtaí atá ann ó thaobh na reachtaíochta de agus ó thaobh an struchtúir rialála de araon. Tá siad sin leagtha amach mar phointí le hurchar, mar seo a leanas:

- Ag tréimhsí toghcháin, lena n-áirítear toghcháin Dála, toghcháin Seanaid, toghcháin Eorpacha agus toghcháin Uachtaránachta, tá an Coimisiún freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar nochtadh na speansas toghcháin agus na síntiús polaitíochta a thugtar d'iarrthóirí, páirtithe polaitíochta agus aonaid chuntasaíochta. Déantar oibríochtaí i leith an nochta sin gan aon deacracht, tríd is tríd, mar thoradh ar na forálacha reachtacha soiléire atá ann, ar an nglacadh ginearálta ag páirtithe agus ag iarrthóirí leis an ngá atá le trédhearcacht sna réimsí sin, ar na nósanna imeachta inmheánacha soiléire oibriúcháin atá i bhfeidhm, agus ar an taithí atá ag comhaltaí agus baill foirne an Choimisiúin. Foilsíonn an Coimisiún dréacht-treoirlínte roimh thoghcháin chun dul i ndáil chomhairle leis na grúpaí lena mbaineann. Cabhraíonn sé sin lena chinntiú gur leaganacha soiléire cuimsitheacha iad na leaganacha deiridh;

- Tá teorainneacha soiléire caiteachais ann ag toghcháin, rud lena gcinntítear cothrom na Féinne agus cuimsitheacht níos mó do na hiarrthóirí sin nach bhfuil acmhainní suntasacha páirtí nó acmhainní príobháideacha suntasacha acu;

- Is measartha simplí atá an próiseas um shíntiúsóirí corparáideacha a chlárú, mar a bhfuil forálacha reachtacha soiléire, tréimhse shocraithe le haghaidh clárú (bliain amháin ar fad, agus an cumas chun athchlárú an bhliain ina dhiaidh sin), agus rochtain éasca chun faisnéis a chros-seiceáil trí na doiciméid phoiblí atá ar fáil ón Oifig um Chlárú Cuideachtaí;

- Cuirtear sainordú oideachais agus treorach ar fáil don Choimisiún sa reachtaíocht agus, mar thoradh ar fhor-rochtain, lena n-áirítear seisiúin bhliantúla do chomhaltaí an Oireachtais, is ann do dhea-leibhéil tuisceana agus cruinneas feabhsaithe maidir le tuairisciú;

- Maidir leis an sainordú atá ag an gCoimisiún chun comhairle a chur ar fáil, táthar ag baint leas as go dtí seo freisin mar mhodh neamhfhoirmiúil le haghaidh treoir a thabhairt do na daoine sin atá faoi réir oibleagáidí an Achta agus le haghaidh comhairle cheangailteach a thabhairt de réir mar is cuí.

## *d) Dúshláin agus bearnaí*

Thug an Coimisiún faoi deara gur leis an gcreat rialála reatha a chruthaítear dúshláin ó thaobh saincheisteanna struchtúrtha de agus ó thaobh bearnaí reachtacha de araon. Tá na dúshláin sin leagtha amach sna pointí le hurchar thíos. San ***Aguisín***, tá achoimre ar na moltaí a rinne an Coimisiún sna tuarascálacha bliantúla uaidh roimhe seo i leith an Achta Toghcháin.

Saincheisteanna struchtúrtha

- I ndlínsí eile, faigheann rialálaithe eitice agus caighdeán a gcuid maoiniúcháin go díreach óna bparlaimint trí vóta tiomnaithe. Féadfaidh siad treoir agus comhairle a fhoilsiú agus tuarascálacha a thabhairt i láthair go díreach sa pharlaimint gan dul i muinín aon aire ar dtús. Tá siad neamhspleách ó thaobh soláthar foirne, tuairisciú feidhmíochta agus bainistíocht acmhainní de. Tá an Coimisiún den tuairim gurb é sin an dea-chleachtas agus gur cheart é a bhreithniú anseo.

- Tá an Coimisiún an-spleách ar an Rialtas ó thaobh buiséid, ceapachán foirne agus tuairisciú don Oireachtas de;

- Tá ualach mór i gceist leis an gcreat tuairiscithe, áit a gceanglaítear seacht dtuarascáil reachtúla ar leith faoin Acht Toghcháin amháin;

- Is comhaltaí de bhrí oifige iad ceathrar den seisear comhaltaí den Choimisiún. Tá freagrachtaí reachtúla éagsúla orthu i dteannta a gcomhaltais den Choimisiún agus téann sé sin i bhfeidhm go mór ar an méid ama is féidir leo a chur i leataobh d'obair an Choimisiúin;

- Tá baill foirne rúnaíochta freagrach as oibríochtaí eile a thagann faoi shainchúram an Choimisiúin freisin. Mar sin, díríonn siad go príomha ar thuairisceáin toghcháin a phróiseáil agus bíonn acmhainn theoranta acu gabháil d'obair eile, amhail fiosrúcháin a dhéanamh ar neamhchomhlíonadh;

Bearnaí reachtacha

*Sainmhínithe:*

- Tríú páirtithe: Tá an sainmhíniú ar cad is tríú páirtí ann bunaithe ar an nglacadh le síntiús os cionn tairseach shocraithe a thugtar chun críocha polaitíochta, seachas ar chaiteachas i réimse na polaitíochta. Mar thoradh air sin, fágtar ar lár líon suntasach

grúpaí féinmhaoinithe a théann i mbun feachtas. Toradh eile atá air is ea go bhféadfadh go dtiocfadh díospóid nó aighneas chun cinn maidir le cé acu a tugadh síntiús chun críocha "polaitíochta" nó chun críocha carthanúla nó chun críocha eile;

- Críocha polaitíochta: Is leathan atá an sainmhíniú ar chríocha polaitíochta. Ní hé amháin go n-áirítear leis gabháil do ghníomhaíochtaí a bhfuil mar aidhm leo tionchar a imirt ar an toradh ar thoghchán nó ar reifreann, ach áirítear leis freisin gabháil d'aon fheachtas a bhfuil mar aidhm leis tionchar a imirt ar an mbeartas poiblí nó ar fheidhmeanna poiblí. Mar sin, is féidir go mbeidh feidhm aige sin lasmuigh de thréimhse toghcháin nó reifrinn. Tugtar an fheidhm beartais atá ag a lán eagraíochtaí sochaí sibhialta faoi raon feidhme fhorálacha an Achta maidir le clárú tríú páirtithe dá bharr freisin. Rinne an Coimisiún trácht ar an méid sin san am atá thart ach, gan aon soiléiriú eile a fháil ón Oireachtas, ní mór don Choimisiún talamh slán a dhéanamh de gurb é sin an rud atá ar intinn ag an Oireachtas agus ní mór dó an tAcht a riar mar atá leagtha amach i scríbhinn.

*Caiteachas i dtoghchán:*

- Murab ionann agus gach toghchán eile a ndéanann an Coimisiún maoirseacht orthu, níl aon teorainneacha caiteachais i bhfeidhm do reifrinn/do thoghcháin Seanaid.

- Cé go bhforáiltear leis an reachtaíocht reatha do mhéid áirithe trédhearcachta ó thaobh speansas toghcháin agus síntiús de, tá ceanglais neamh-chomhsheasmhacha dearbhaithe agus nochta ar eintitis dhifriúla (e.g. páirtithe polaitíochta, tríú páirtithe) faoin Acht. Ina theannta sin, ní gá ach síntiúis atá os cionn tairseach áirithe réasúnta ard a nochtadh.

- Déantar caiteachas a bhaineann le toghchán a thús-ualú go minic (i.e. caitear an t-airgead roimh thús foirmiúil na tréimhse toghcháin) agus, dá bhrí sin, tá seans ann nach nochtfar an caiteachas agus nach mbeidh sé faoi réir teorainneacha caiteachais. D'fhéadfaí aghaidh a thabhairt air sin trí shíneadh a chur leis an tréimhse toghcháin, seachas úsáid a bhaint as an tréimhse idir an dáta a fhógraítear an toghchán suas go lá na vótaíochta amháin. Mar shampla, b'fhiú aird a thabhairt ar aon airgead a chaitear ar ghníomhaíochtaí toghcháin ar feadh suas go trí mhí sula bhfógraítear an toghchán[1].

*Maoiniú*

- Na teorainneacha le síntiúis agus an fhíric nach bhfuil páirtithe i dteideal maoiniú Státchiste a fháil ach amháin i gcás go bhfuair siad céatadán ar leith den vóta, d'fhéadfadh siad a bheith ina mbac ar bhunú éifeachtach páirtithe polaitíochta nua. Mhol an Coimisiún roimhe seo go ndéanfadh an tOireachtas breithniú ar shuim shonrach a chur i leataobh chun tacú le hoibriú agus forbairt na n-eagraíochtaí

[1] Ba ghá breithniú a dhéanamh ar an dóigh a bhféadfaí é seo a bhaint amach i gcás nach eol dáta an toghcháin nó go bhfógraítear ar gearrfhógra é.

polaitíochta is lú. Faoi na forálacha reachtacha reatha, ní dóigh go gcáileoidh na heagraíochtaí sin do mhaoiniú Státchiste a fháil. Ba cheart maoiniú den sórt sin a bheith faoi réir rialuithe oiriúnacha chun a chinntiú go dtabharfar cuntas iomlán ar an maoiniú agus go n-úsáidfear é chun na críche a tugadh é.

*Forfheidhmiú*

- Is beag cumhacht atá ag an gCoimisiún ó thaobh imscrúdaithe agus forfheidhmithe de, rud a lagaíonn go mór an cumas atá aige comhlíonadh an Achta a fhorfheidhmiú. Féadfaidh an Coimisiún fiosrúcháin a dhéanamh, a ordú go dtabharfaí ar aird doiciméid nó ráitis, teacht ar thuairim maidir le haon neamhchomhlíonadh féideartha, agus sáruithe féideartha a tharchur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí nó chuig an nGarda Síochána. Beag beann ar roinnt tarchur den sórt sin, is annamh a shaothraítear ionchúisimh. Cé nach mian leis an gCoimisiún tuairimíocht a dhéanamh ar an gcúis atá taobh thiar de sin, tá sé den tuairim go mbeadh comhlacht rialála a bhfuil a chumhachtaí imscrúdaithe agus ionchúisimh féin aige in áit mhaith chun gníomhartha forfheidhmithe a chur ar aghaidh i gcásanna neamhchomhlíonta.

*Teicneolaíocht*

- Tháinig an tAcht i bhfeidhm sular tosaíodh ar an Idirlíon a úsáid mar ghléas coitianta cumarsáide. Ní phléitear sa reachtaíocht le fógraíocht ná feachtasaíocht pholaitiúil ar líne agus ní thugtar aghaidh inti ach oiread ar theicneolaíochtaí digiteacha a úsáid le haghaidh cúrsaí toghcháin (tuairisciú, suirbhéireacht, etc.). Ba chosúil gur deis caillte agus easnamh rialála araon é sin.

*Neamhleanúnachas*

- Leasaíodh an tAcht a lán uaireanta thar na blianta, rud as ar tháinig roinnt neamh-chomhsheasmhachtaí sna forálacha, tagairtí as dáta do shuimeanna fíneála airgid, agus dúshláin maidir leis na leasuithe ábhartha uile a shainaithint. Tá géarghá ann le hathbhreithniú agus comhdhlúthú cuimsitheach a dhéanamh ar an Acht.

- Caitear le toghcháin d'údaráis áitiúla ar leithligh agus óna chéile ó thoghcháin Dála, Seanaid, Eorpacha agus Uachtaránachta. Cuireann sé sin mearbhall ar iarrthóirí, cuireann sé as do chumas an Choimisiúin comhairle chuimsitheach a thabhairt nuair a dhéantar teagmháil leis agus fágann sé gurb ann don bhaol go dtabharfaí comhairle neamh-chomhsheasmhach.

*Leibhéil éagsúla tuairiscithe*

- Faoin Acht, tá oibleagáidí éagsúla tuairiscithe ar ionadaithe poiblí aonair, ar iarrthóirí agus ar aonaid chuntasaíochta agus ar a máthairpháirtí polaitíochta. D'fhéadfadh

gurbh ualach suntasach é sin, go háirithe i measc na n-aonad cuntasaíochta is lú, agus cruthaíonn sé brúnna riaracháin breise ar leibhéal áitiúil.

## IV. Na tograí reatha le haghaidh coimisiún toghcháin: Measúnú ar roghanna

Sa doiciméad comhairliúcháin ar an Anailís Tionchair Rialála, chuir an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil (an Roinn) moltaí ar aghaidh maidir le coimisiún toghcháin nua a bhunú.

Rud sonrach, sainaithníodh san Anailís ón Roinn roinnt feidhmeanna ba cheart a bheith ag aon choimisiún toghcháin, ba iad sin:

- Maoirseacht a dhéanamh ar reáchtáil toghchán agus reifreann agus ról beartais a chomhlíonadh ina leith
- An Coimisiún Reifrinn
- An Coimisiún um Thoghlaigh agus an Coiste um Theorainneacha Toghlimistéar Áitiúil
- Clár na dtoghthóirí
- Clár na bpáirtithe polaitíochta
- Faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar chaiteachas polaitíochta agus ar shíntiúis pholaitíochta
- Taighde
- Oideachas agus rannpháirtíocht vótálaithe
- Táscairí feidhmíochta.

Comhaontaíonn an Coimisiún um Chaighdeáin gur cheart do choimisiún toghcháin, dá mbunófaí é, na freagrachtaí uile atá leagtha amach thuas a ghlacadh chuige féin, lena n-áirítear iad sin a thagann faoi shainchúram an Choimisiúin um Chaighdeáin faoi láthair.

Moltar san Anailís freisin ceithre rogha maidir le cur chun feidhme na dtograí. Déanfar measúnú ar na roghanna sin ceann ar cheann san aighneacht seo.

### *Rogha 1: Gan athrú*

Ní mheasann an Coimisiún um Chaighdeáin go bhfuil an rogha seo inmhianaithe. Bunaithe ar na dúshláin atá leagtha amach roimhe seo sa doiciméad seo, tá géarghá ann le hathbhreithniú a dhéanamh ar an struchtúr institiúideach, ar na cumhachtaí agus ar an reachtaíocht atá ann i réimse na rialála toghcháin. Ní thabharfadh an rogha seo aghaidh ar na saincheisteanna a sainaithníodh ina leith sin.

*Rogha 2: An coimisiún toghcháin a bhunú ar bhonn neamhreachtúil agus líon teoranta feidhmeanna neamhreachtúla a shannadh dó ar dtús d'fhonn coimisiún reachtúil a bhunú laistigh de thréimhse 18 mí - 24 mhí agus tuilleadh feidhmeanna reachtúla a shannadh dó ag an am sin*

Ní mheasann an Coimisiún um Chaighdeáin go bhfuil an rogha seo inmhianaithe. Níl sé soiléir go bhféadfadh coimisiún toghcháin a bhfuil feidhmeanna teoranta neamhreachtúla aige feabhas a chur ar shocruithe maoirseachta an chórais toghcháin, mar a tugadh le fios.

Ina theannta sin, dá gcruthófaí coimisiún nua ar bhonn neamhreachtúil, d'fhéadfaí mearbhall a chur ar thoghthóirí maidir le cé atá cuntasach agus freagrach as na feidhmeanna toghcháin éagsúla. Bheadh costais bhreise don Státchiste i gceist chun tacú le feidhmeanna neamhreachtúla nua, lena n-áirítear oideachas vótálaithe agus taighde. Gan aon fheidhm reachtúil a bheith aige, níl sé soiléir cén áit a mbeadh an coimisiún lonnaithe, cén dóigh a mbainisteofaí é, cén dóigh a soláthrófaí foireann dó agus cé dó a thabharfadh sé tuairisc. Seachas bogadh i dtreo tuilleadh comhdhlúthaithe, roinnfeadh an rogha seo arís eile an fhreagracht as córas toghcháin na hÉireann a bhainistiú.

Ar deireadh, níl sé soiléir cén dóigh ar costáladh an togra seo. San am i láthair, tá gach feidhm reachtúil a bhfuil sé beartaithe iad a chomhdhlúthú sa choimisiún nua lonnaithe laistigh d'oifigí ina soláthraítear rochtain ar sheirbhísí comhroinnte (lena n-áirítear cóiríocht, acmhainní daonna, teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, airgeadas, etc.). Chun eintiteas ar leith ar fad a bhunú, beidh sé riachtanach na seirbhísí sin a bhunú san fheidhm nua. Cé gur dóigh gur cuireadh sciar de chostais na dtacaí san áireamh sna costais a bhaineann le leibhéil foirne reatha, agus gur dóigh freisin go bhfuil an sciar sin bunaithe ar réamh-mheastacháin ar an am foirne a chomhroinntear ar chúraimí a bhaineann le feidhmeanna faoin Acht Toghcháin, tarlaíonn sé go gcruthaítear barainneachtaí scála in eagraíochtaí móra agus nár ghá go mbeadh na barainneachtaí sin ar fáil don eagraíocht nua. Dá bhrí sin, ní mór breithniú a dhéanamh ar na costais a bhaineann le tacú leis an bhfeidhm nua in údarás ar leith ar fad. Ní dóigh go mbeadh an togra seo neodrach ó thaobh costais de, mar a tugadh le fios.

*Rogha 3: An coimisiún toghcháin a bhunú ar bhonn reachtúil agus líon teoranta feidhmeanna a shannadh dó ar dtús d'fhonn tuilleadh feidhmeanna a shannadh dó le himeacht ama*

Measann an Coimisiún um Chaighdeáin go bhfuil an rogha seo ar an gceann is inmhianaithe agus is loighciúla. Tá taithí ag an gCoimisiún ar chur chuige incriminteach a ghlacadh i leith feidhmeanna nua a chur chun feidhme, go háirithe le linn thosach feidhme céimnithe an Achta um Brústocaireacht a Rialáil. Measann sé gur cur chuige fónta é. Fágann sé gur féidir obair go réidh ar mhaithe le trasdul rianúil a chinntiú agus struchtúir agus feidhmeanna nua a "leabú" sula sannfar freagrachtaí breise.

Is iad na torthaí a bheadh ar Rogha 3 ná:

- go mbeadh údarás reachtúil soiléir ann a mbeadh freagracht air as feidhmeanna sonracha ar dtús agus go leathnófaí a chuid feidhmeanna le himeacht ama;
- go laghdófaí an roinnt freagrachta i measc údaráis éagsúla, rud a thabharfadh tuilleadh soiléire don phobal maidir le cé atá freagrach agus cuntasach as an gcóras toghcháin;
- go dtabharfaí am chun trasdul rianúil a chinntiú don aistriú tosaigh freagrachtaí, sula gcuirfí aon fhreagrachtaí eile leis an ról;
- go n-íoslaghdófaí an baol go gcuirfí as d'ionracas agus oibriú rianúil na bhfeidhmeanna atá ann cheana; agus
- go mbeadh deis ann acmhainní breise a chur ar fáil chun feidhmeanna nua a ghlacadh i leith taighde, oideachais agus rannpháirtíocht vótálaithe.

Tugtar faoi deara, áfach, nach ndéantar aon tagairt san Anailís do struchtúr an choimisiúin nua atá beartaithe, don áit a mbeadh sé lonnaithe ná don dóigh a soláthrófaí foireann dó (seachas leibhéil bharúlacha do phoist áirithe). Chuirfeadh an Coimisiún ábhair imní in iúl an athuair maidir le costáil bheartaithe an togra, mar atá pléite thuas sa mheasúnú ar Rogha 2.

Ar deireadh, d'fhéadfadh gur ghá socruithe trasdula a chur i bhfeidhm agus na feidhmeanna réamhtheachtaí a choinneáil ar bun ar feadh tréimhse ionas gur féidir obair atá ar siúl a chríochnú nó aghaidh a thabhairt ar sháruithe a rinneadh faoin gcóras roimhe ach a tháinig chun solais faoin gcóras nua.

*Rogha 4: An coimisiún toghcháin a bhunú ar bhonn reachtúil agus na feidhmeanna uile a aistriú chuige ón tús*

Ní mheasann an Coimisiún um Chaighdeáin go bhfuil an rogha seo inmhianaithe. Cé go bhfuil roinnt tairbhí i gceist leis an gcur chuige seo, lena n-áirítear na feidhmeanna toghcháin ábhartha uile a chomhdhlúthú go soiléir láithreach, ní fhágfadh sé go mbeifí in ann trasdul rianúil nó cur chun feidhme uainithe a bhaint amach. Comhaontaíonn an Coimisiún leis an seasamh atá leagtha amach san Anailís Tionchair Rialála, is é sin go bhféadfadh an cur chuige seo cur as d'oibriú rianúil na bhfeidhmeanna atá ann cheana agus nach n-éireodh leis, ar deireadh, na próisis a chuíchóiriú agus a shimpliú, mar atá beartaithe.

## V. Moltaí

Molann an Coimisiún um Chaighdeáin go ndéanfaí na gníomhartha seo a leanas i leith bhunú beartaithe an choimisiúin toghcháin:

- Coimisiún toghcháin a bhunú ar bhonn reachtúil, áit a gcuirfí lena chuid feidhmeanna agus freagrachtaí le himeacht ama, de réir Rogha 3 atá leagtha amach san Anailís Tionchair Rialála ón Roinn;

- A chinntiú go gcuirfear aon choimisiún nua ar bun mar chomhlacht atá neamhspleách go hiomlán ar an Rialtas chun críocha buiséadacha, tuairiscithe, foilseachán agus foirne;

- An coimisiún nua a struchtúrú ar bhealach a chinnteoidh go leagfar baill foirne chuig a ról ar bhonn lánaimseartha, seachas mar fheidhm atá de bhreis ar a róil reachtúla eile;

- Tacaíocht rúnaíochta a thabhairt don choimisiún nua trí eagraíocht saorsheasaimh, á chinntiú go gcuirfear acmhainní cuí ar fáil do gach feidhm reachtúil agus oibríochtúil, lena n-áirítear caiteachas tuarastail agus caiteachas eile;

- A chinntiú go ndéanfar pleanáil trasdula chuí chun freagrachtaí a aistriú ón tsraith reatha comhlachtaí reachtúla chuig an gcoimisiún nua;

- Athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar an Acht Toghcháin d'fhonn:
    - An tAcht agus aon leasuithe ar an Acht a thabhairt cothrom le dáta agus a ath-chomhdhlúthú, comhsheasmhacht a chinntiú sna sainmhínithe agus sna forálacha i ngach alt, agus gach tagairt airgeadais a thabhairt cothrom le dáta chun an t-airgeadra reatha a léiriú;
    - Aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna a bhaineann le sainmhínithe ar chríocha polaitíochta agus ar thríú páirtithe;
    - Teorainneacha reachtúla caiteachais a thabhairt isteach ag reifrinn agus ag toghcháin Seanaid;
    - Toghcháin údaráis áitiúil a chur ar áireamh sa chreat reatha trína ndéantar nochtadh agus faireachán ar speansais agus ar shíntiúis;
    - An tairseach nochta a laghdú do gach síntiús;
    - Síneadh a chur leis an tréimhse toghcháin do speansais ar mhaithe le "tús-ualú" a chosc;
    - Comhsheasmhacht a chinntiú sna hoibleagáidí tuairiscithe agus nochta do gach toghchán agus do gach eintiteas (iarrthóirí, páirtithe, tríú páirtithe, etc.);
    - Oibleagáidí tuairiscithe a chuíchóiriú agus a shimpliú d'aonaid chuntasaíochta agus dá máthairpháirtithe polaitíochta;
    - Breithniú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil na ceanglais incháilitheachta do mhaoiniú Státchiste agus na teorainneacha le síntiúis ina mbac ar eintitis pholaitíochta nua a bhunú;
    - Forálacha forfheidhmithe an Achta a neartú chun cumhachtaí a thabhairt don Choimisiún cionta a imscrúdú agus a ionchúiseamh;
    - Forálacha a thabhairt isteach chun aghaidh a thabhairt ar theicneolaíocht agus fógraíocht dhigiteach a thionscnaítear in áit lasmuigh den Stát;
    - Ceanglais tuairiscithe a chuíchóiriú chun an líon tuarascálacha reachtúla a laghdú;

- Gach píosa reachtaíochta a bhí i bhfeidhm roimhe seo a aisghairm agus reachtaíocht nua a chur ina n-áit; agus
- A chinntiú gur i dteanga shoiléir a dhréachtófar aon reachtaíocht nua.

## Conclúid

Mar fhocal scoir, ba chúis áthais don Choimisiún um Chaighdeáin an deis a bheith aige an aighneacht seo a dhéanamh chuig an Roinn mar chuid dá próiseas comhairleach. Tá an Coimisiún agus a fhoireann ar fáil chun aon cheann de na saincheisteanna seo a phlé tuilleadh, de réir mar is gá.

***

## AGUISÍN: Moltaí a rinne an Coimisiún roimhe seo i leith an Achta Toghcháin

| Moltaí a bhaineann leis an Acht Toghcháin | | Le feiceáil i dTuarascáil Bhliantúil (luaigh an bhliain) | Le feiceáil i dtuarascáil eile (ainmnigh an tuarascáil) |
|---|---|---|---|
| ***Moltaí substainteacha*** | | | |
| 1 | Ba cheart bonn reachtúil a bheith ag an gCoimisiún ar a bhféadfadh sé athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht agus tuairisc a thabhairt ar a thorthaí | 2003, 2005, 2006, 2007, 2009, 2010, 2011, 2012, 2013, 2014, 2015, 2016, 2017 | |
| 2 | Ba cheart feidhm a bheith ag teorainneacha caiteachais maidir le tréimhse toghcháin níos leithne, i.e. síneadh a chur leis an tréimhse toghcháin ionas go n-áireofar tréimhse roimh lánscor na Dála léi nó sula dtáirgtear eascaire ag toghchán | 2002, 2003, 2005, 2006, 2007, 2009, 2010, 2011, 2012, 2013, 2014, 2015, 2016, 2017 | |
| 3 | Ba cheart an sainmhíniú ar cad is “tríú páirtí” ann a leasú agus a bhunú ar chaiteachas chun críocha polaitíochta, seachas ar na síntiúis a nglactar leo | 2003, 2004, 2005, 2006, 2007, 2009, 2010, 2011, 2012, 2013, 2014, 2015, 2016, 2017 | Tríú Páirtithe agus an Reifreann faoi Chonradh Liospóin |
| 4 | Ba cheart an próiseas clárúcháin do “thríú páirtithe” agus do “dhaoine eile” (a bhfuil sé beartaithe acu speansais toghcháin a tharraingt orthu féin) a chónascadh | 2003, 2004, 2005, 2006, 2007, 2009, 2010, 2011, 2012, 2013, 2014, 2015, 2016, 2017 | |
| 5 | Ba cheart feidhm a bheith ag teorainneacha caiteachais maidir le tríú páirtithe agus maidir le daoine eile i dtoghchán | 2003, 2005, 2006, 2007, 2008 | |
| 6 | Ba cheart caiteachas ag tríú páirtithe agus ag páirtithe polaitíochta ar fheachtais reifrinn a nochtadh | 2009, 2011, 2012, 2013, 2014, 2015, 2016, 2017 | Tríú Páirtithe agus an Reifreann faoi Chonradh Liospóin |
| 7 | Ba cheart na foinsí maoiniúcháin atá ar fáil do thríú páirtithe agus do pháirtithe polaitíochta a nochtadh | 2009, 2011, 2012, 2013, 2014, 2015, 2016, 2017 | |
| 8 | Ba cheart coimisiún toghcháin a bhunú agus ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an Acht | 2017 | |
| 9 | Ba cheart foráil a dhéanamh do mhodhanna digiteacha tionchair a rialáil i bhfeachtas toghcháin nó reifrinn, lena n-áirítear an tionchar a imríonn gníomhaithe eachtracha | 2017 | |
| 10 | Ba cheart feidhm a bheith ag teorainneacha caiteachais maidir le reifrinn agus le toghcháin araon | 2017 | |
| 11 | Ba cheart na páirtithe polaitíochta is lú, go háirithe iad sin nach bhfaigheann aon mhaoiniú ón Státchiste, a dhíolmhú ón gceanglas chun cuntais iniúchta a chur isteach | 2016, 2017 | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 12 | Ba cheart cion a dhéanamh den mhainneachtain codanna IV, V agus VI d'Acht 1997 a chomhlíonadh agus ba cheart pionóis a fhorchur ina leith | 2005, 2006, 2007, 2008 | |
| 13 | Ba cheart síntiúis bharrachais a dhiúscairt i gcás nach gceanglaítear ar dhuine a thuilleadh cuntas síntiús polaitíochta a chothabháil agus i gcás go bhfuil cistí fágtha ann | 2003, 2005, 2006, 2007, 2008 | |
| 14 | Ba cheart cion a dhéanamh den mhainneachtain cuntas síntiús polaitíochta a oscailt | 2004, 2007, 2008 | |
| 15 | Ba cheart foráil a dhéanamh do Ráiteas Síntiús aonair a thabhairt i gcás go bhfuil dé-shainordú ag duine nó i gcás nár éirigh le duine i dtoghchán Dála, Seanaid nó Eorpach in aon bhliain ar leith ina raibh sé/sí ina T(h)eachta Dála, ina S(h)eanadóir nó ina F(h)eisire de Pharlaimint na hEorpa | 2005, 2006, 2007 | |
| 16 | Ba cheart cion a dhéanamh den mhainneachtain faisnéis riachtanach a thabhairt do ghníomhaire toghcháin nó do ghníomhaire náisiúnta chun críocha an Ráiteas Speansas Toghcháin ón ngníomhaire a éascú | 2005, 2006, 2007 | |
| 17 | Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar cé acu is gá nó nach gá, mar chuid den ghnáthchleachtas, doiciméid tacaíochta a thabhairt i dtaca le cuntas síntiús polaitíochta a chothabháil | 2003 | |
| 18 | Ba cheart breithniú a dhéanamh ar shuim shonrach a chur i leataobh chun tacú le hoibriú agus forbairt na n-eagraíochtaí polaitíochta is lú. Faoi na forálacha reachtacha reatha, ní dóigh go gcáileoidh na heagraíochtaí sin do mhaoiniú Státchiste a fháil. Bheadh maoiniú den sórt sin faoi réir rialuithe oiriúnacha a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go dtabharfar cuntas iomlán ar an maoiniú agus go n-úsáidfear é chun na gcríoch a tugadh é | 2003 | |
| 19 | Ba cheart breithniú a dhéanamh ar cé acu ba cheart nó nár cheart an sainmhíniú ar chríocha polaitíochta a mhodhnú chun nach n-áireofaí leis ach feachtais a bhaineann le toghcháin nó le reifrinn, seachas aon fheachtais a bhfuil mar aidhm leo tionchar a imirt ar chinntí nó feidhmeanna comhlachtaí poiblí | | Tríú Páirtithe agus an Reifreann faoi Chonradh Liospóin |
| ***Moltaí teicniúla*** | | | |
| 20 | Ba cheart an tAcht a leasú chun a léiriú gur ar chomhaltaí d'údaráis áitiúla agus ar iarrthóirí i dtoghcháin áitiúla atá a gceanglais tuairiscithe féin faoin Acht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh), 1999, arna leasú | 2003, 2005, 2006, 2007 | |
| 21 | Ba cheart comhdhlúthú a dhéanamh ar na forálacha atá i reachtaíocht eile a bhaineann le cistí poiblí a úsáid chun críocha toghcháin. Is é a bheadh i gceist leis sin ná aisghairm iarmhartach a dhéanamh ar na forálacha lena bpléitear le soláthar seirbhísí agus áiseanna tar éis lánscor Dháil Éireann ag Coimisiún Thithe an Oireachtais [alt 4(4A) | 2005, 2006, 2007, 2008, 2009, 2010, 2011, 2012, 2013, 2014, 2015, 2016, 2017 | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | den Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais, 2003 (arna chur isteach leis an Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais, 2006 (alt 4(c) den Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú), 2009, anois)] | | |
| 22 | Ba cheart an tAcht a shoiléiriú chun a shonrú cé acu is ceadmhach nó nach ceadmhach maoiniú Státchiste a úsáid le haghaidh caiteachas caipitil agus/nó caiteachas reatha | 2014 | An Tuarascáil ar Mhaoiniú Státchiste 2017 |
| 23 | Ba cheart an sainmhíniú ar "institiúid airgeadais" a leasú chun go n-áireofar comhair chreidmheasa leis | 2005, 2006, 2007, 2008 | |
| 24 | Ba cheart an sainmhíniú ar "mhionspeansais" i dtoghchán a theorannú go €126.97 in aghaidh an iarrthóra | 2005, 2006, 2007, 2008 | |
| 25 | Ba cheart an téarma "gníomhaire toghcháin" a mhodhnú go "gníomhaire caiteachais toghcháin" nó "oifigeach cuntasaíochta um chaiteachas toghcháin" | 2007, 2008 | |
| 26 | Ba cheart ceanglas a chur ar iarrthóirí fógra a thabhairt go díreach don Choimisiún faoi aon athrú ar ghníomhaire toghcháin | 2007, 2008 | |
| 27 | Ba cheart lánrogha a thabhairt don Choimisiún speansais amhail sólaistí d'oibrithe deonacha agus costais pheitril iarrthóirí a cheadú | 2007, 2008 | |
| 28 | Ba cheart alt 31(10) d'Acht 1997 a leasú chun go n-áireofar an frása "féachaint le tionchar a imirt ar an toradh ar thoghchán" leis | 2007, 2008 | |
| 29 | Ba cheart an tréimhse idir an Dearbhú Reachtúil a dhéanamh agus an Dearbhú Reachtúil a chur isteach a ghiorrú | 2003 | |
| 30 | Ba cheart spriocdháta reachtúil a leagan síos faoina gceanglófar ar iarrthóirí cuid dá dteorainneacha caiteachais a shannadh dá bpáirtí polaitíochta, más mian leo déanamh amhlaidh | 2003 | |
| 31 | Ba cheart clárú tríú páirtithe a cheadú ar feadh feachtas ar leith nó ar bhonn leanúnach | 2009, 2011, 2012, 2013, 2014, 2015, 2016, 2017 | Tríú Páirtithe agus an Reifreann faoi Chonradh Liospóin |
| 32 | Ba cheart an fad ama ina bhféadfaidh tríú páirtithe clárú a shoiléiriú | 2003, 2005, 2006, 2007, 2008 | |